Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11873/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0222(NLE)**

**AGRI 404**
**RELEX 901**
**FORETS 88**
**DEVGEN 149**
**ENV 857**
**PROBA 26**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 383 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 383 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 383 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2023
COM(2023) 383 final

2023/0222 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Sa phlean gníomhaíochta maidir le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí (FLEGT)[1], a d'fhormhuinigh an Chomhairle in 2003[2], moltar sraith beart chun deireadh a chur leis an lománaíocht neamhdhleathach. Ar na bearta sin, áirítear tacaíocht do thíortha táirgthe adhmaid, comhoibriú iltaobhach a dhéanamh chun dul i ngleic leis an trádáil in adhmad neamhdhleathach, tacaíocht do thionscnaimh de chuid na hearnála príobháidí, agus bearta chun an infheistíocht i ngníomhaíochtaí a spreagann an lománaíocht neamhdhleathach a dhíspreagadh. Comhpháirtíochtaí FLEGT idir an tAontas Eorpach agus tíortha táirgthe adhmaid a bhunú, sin é is bunchloch den phlean gníomhaíochta. In 2005, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach[3]. Leis an Rialachán sin, cuirtear é ar a chumas do na húdaráis dlíthiúlacht an adhmaid a allmhairítear isteach san Aontas faoi chomhpháirtíochtaí FLEGT a sheiceáil.

In 2005, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún comhaontaithe comhpháirtíochta FLEGT a chaibidliú le tíortha táirgthe adhmaid[4].

Chuaigh an Coimisiún i mbun caibidlíochta leis an gCósta Eabhair in 2013. Choimeád an Coimisiún an Chomhairle cothrom le dáta maidir leis an dul chun cinn go tráthrialta, le tuarascálacha chuig an Meitheal um Fhoraoisí agus chuig an gCoiste um FLEGT/Rialachán Adhmaid AE. Ina theannta sin, choimeád an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus na páirtithe leasmhara ar an eolas faoin gcaibidlíocht.

Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas agus an Cósta Eabhair, cumhdaítear gach gné de na treoracha caibidlíochta ón gComhairle. Bunaítear leis go háirithe scéim ceadúnúcháin lena ndéantar seiceáil agus deimhniú ar dhlíthiúlacht na dtáirgí adhmaid a onnmhairítear chuig tíortha an Aontais agus chuig tíortha nach Ballstáit den Aontas iad, agus ar dhlíthiúlacht an adhmaid a dhíoltar sa Chósta Eabhair freisin. Maidir le hadhmad allmhairithe, geallann an Cósta Eabhair a áirithiú gur lománaíodh an t-adhmad de réir dhlí na tíre tionscnaimh. Tá an sainmhíniú a thugtar ar an dlíthiúlacht bunaithe ar shraith chuimsitheach dlíthe náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhaingnigh an Cósta Eabhair, agus a léiríonn na trí shraith a bhaineann le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí.

Geallann an Cósta Eabhair freisin go leanfaidh sé dá athchóirithe rialála chun an creat dlíthiúil a chomhlánú agus a neartú i gcás inar gá. Ghlac sé creat chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus meastóireachtaí neamhspleácha a dhéanamh ar an gcóras. Leagtar na sonraí sin amach in iarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú, iarscríbhinní ina soláthraítear miontuairisc ar na struchtúir atá ina mbonn agus ina dtaca le forbairt Chóras Dearbhaithe an Chósta Eabhair i dtaca le Dlíthiúlacht Adhmaid. Leagtar amach iontu freisin na critéir chun cinneadh a dhéanamh amach seo maidir le tús a chur le scéim ceadúnúcháin FLEGT.

Bunaítear leis an gComhaontú sásra le haghaidh idirphlé agus comhar idir an tAontas agus an Cósta Eabhair maidir leis an scéim ceadúnúcháin, trí bhíthin comhchoiste cur chun feidhme

1 COM(2003) 251.
2 IO C 268, 7.11.2003, lch. 1.
3 IO L 347, 30.12.2005, lch. 1.
4 Doiciméad srianta 10229/2/05 ón gComhairle (a scaoileadh ó rúnaicmiú an 24 Meán Fómhair 2015).

(*CCMO – Comité conjoint de mise en oeuvre*). Leagtar amach ann creat le haghaidh rannpháirtíocht geallsealbhóirí, coimircí sóisialta, agus cuntasacht agus trédhearcacht. Tugtar tuairisc ann freisin ar an mbealach a láimhseáiltear gearáin agus ar an mbealach a ndéanfar faireachán agus tuairisciú.

Níl an Comhaontú teoranta don chumhdach táirgí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 agus cumhdaítear leis réimse leathan allmhairí táirgí adhmaid.

Tá prionsabal an neamh-idirdhealaithe ina bhonn agus ina thaca ag an gComhaontú, rud a chiallaíonn go mbeidh páirtithe leasmhara ó laistigh agus lasmuigh d'earnáil na foraoiseachta rannpháirteach. Áirítear leo sin páirtithe leasmhara ón earnáil phríobháideach, ón tsochaí shibhialta agus ó phobail áitiúla.

Déantar foráil sa Chomhaontú maidir le rialú allmhairí ag teorainneacha an Aontais faoi Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT agus Rialachán (CE) Uimh. 1024/2008 lena leagtar síos bearta mionsonraithe chun an scéim a chur chun feidhme. Tugtar tuairisc sa Chomhaontú ar cheadúnas FLEGT an Chósta Eabhair, a bhaineann úsáid as an bhformáid a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra comhsheasmhach le Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 mar go measfar gur go dleathach a lománaíodh na táirgí adhmaid a chumhdófar leis na ceadúnais FLEGT a eiseofar sa Chósta Eabhair faoin gComhaontú mar a leagtar síos in Airteagal 3 den Rialachán sin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Comhaontú seo ábhartha do bheartas an Aontais maidir le comhar um fhorbairt mar go gcuireann sé chun cinn trádáil in adhmad a lománaíodh go dleathach agus go neartaíonn sé rialachas foraoise sa Chósta Eabhair trí thrédhearcacht, cuntasacht agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a fheabhsú. Leis an gComhaontú, neartófar freisin bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí agus cuideofar leis an athrú aeráide a chomhrac trí laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí ar de thoradh an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise iad. Tá an Comhaontú ábhartha do Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 mar go ndéanann sé trádáil in adhmad neamhdhleathach a chomhrac agus bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí agus rannpháirtíocht éifeachtach na bpobal áitiúil a chur chun cinn, rud a chuideoidh leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú. Chun gealltanais dhéthaobhacha atá tugtha ag an Aontas a urramú agus chun an dul chun cinn atá bainte amach le tíortha comhpháirtíochta a chaomhnú, tá foráil sa Rialachán AE atá ar na bacáin maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe a bhaineann le dífhoraoisiú agus díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas[5], foráil lena ndearbhaítear go bhfuil an ceanglas dlíthiúlachta comhlíonta ag adhmad a chumhdaítear le ceadúnas FLEGT. Mar sin féin, ós rud é, ní hamháin go gcumhdaítear leis an Rialachán atá ar na bacáin an dlíthiúlacht, ach go gceanglaítear leis freisin nach mbeidh dífhoraoisiú ina thoradh ar tháirgí, beidh ar oibreoirí dícheall cuí a dhéanamh fós chun a áirithiú nach mbeidh dífhoraoisiú ina thoradh ar an adhmad a chuirfidh siad ar mhargadh an Aontais.

[5] Ar bhonn an togra dar teideal COM(2021)706 final, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle an rialachán an 19 Aibreán 2023 agus an 16 Bealtaine 2023 faoi seach, foilseofar é in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i mí an Mheithimh 2023 agus tiocfaidh sé i bhfeidhm 20 lá ina dhiaidh sin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é an chéad fhomhír d'Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a)(v) agus Airteagal 218(7) de.

Soláthraítear creat dlíthiúil leis an gComhaontú chun a áirithiú gur go dleathach a táirgeadh gach allmhaire adhmaid agus gach allmhaire táirgí adhmaid isteach san Aontas ón gCósta Eabhair. Dá bhrí sin, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas é a thabhairt i gcrích i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 207(3) agus leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE. Foráiltear le hAirteagal 218(6)(a)(v) CFAE gur faoin gComhairle atá sé comhaontuithe den sórt sin i gcrích. Le hAirteagal 218(7) CFAE, tugtar de chumhacht don Chomhairle a údarú don idirbheartaí formheas a thabhairt thar ceann an Aontais ar leasuithe ar an gComhaontú, más féidir leasuithe a ghlacadh trí nós imeachta simplithe nó trí chomhlacht arna bhunú leis an gComhaontú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach.

- **Comhréireacht**

Tá tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe seo i gcomhréir le plean gníomhaíochta AE i ndáil le FLEGT agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun a chuid aidhmeanna a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Tá an togra seo i gcomhréir le hAirteagal 218(6)(a)(v) CFAE, Airteagal lena bhforáiltear gur faoin gComhairle atá sé cinntí a ghlacadh maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl impleachtaí buiséadacha ag an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Neamhbhainteach.

2023/0222 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a)(v) agus d'Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[6],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I mí na Bealtaine 2003, ghlac an Coimisiún an Teachtaireacht chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa dar teideal *Forest Law Enforcement, Governance and Trade (FLEGT): proposal for an EU action plan* [Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT): Togra le haghaidh plean gníomhaíochta AE][7] inar iarradh bearta chun aghaidh a thabhairt ar logánú neamhdhleathach trí chomhaontuithe comhpháirtíochta deonaí a fhorbairt le tíortha táirgthe adhmaid. Glacadh conclúidí ón gComhairle maidir leis an bplean gníomhaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2003[8] agus glacadh rún ó Pharlaimint na hEorpa ar an ábhar an 11 Iúil 2005[9].

(2) I gcomhréir le Cinneadh (AE)2023/XX ón gComhairle[10], síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid (an Comhaontú) an [ ] [11], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh,

---

6 IO C , , lch. .

7 COM(2003) 251.

8 IO C 268, 7.11.2003, lch. 1.

9 IO C 157E, 6.7.2006, lch. 482.

10 Cinneadh (AE)2023/XX ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i dáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (IO L [...], […], lch. […]). IO: cuir isteach uimhir, dáta agus tagairtí foilseacháin an doiciméid

11 IO: cuir isteach dáta an tsínithe.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar an Comhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá an Comhaontú i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Déanfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 31 den Chomhaontú a thabhairt, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl.

*Airteagal 3*

Déanfaidh an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais sa chomhchoiste cur chun feidhme a bhunaítear faoi Airteagal 19 den Chomhaontú.

Féadfaidh na Ballstáit páirt a ghlacadh i gcruinnithe de chuid an chomhchoiste cur chun feidhme mar chomhaltaí de thoscaireacht an Aontais.

*Airteagal 4*

Chun leasú a dhéanamh ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú faoi Airteagal 26 de, údaraítear don Choimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(3) a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle[12], aon leasú den sórt sin a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[12] Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach (IO L 347, 30.12.2005, lch. 1).